C/2025/3194

2.7.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Moltaí CESE maidir leis na tograí um athchóiriú agus um infheistíocht a ceapadh mar chuid de thimthriall an tSeimeastair Eorpaigh 2024-2025

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/3194)

Rapóirtéirí: **Konstantinos DIAMANTOUROS**
Javier DOZ ORRIT
Luca JAHIER

Comhairleoir	Olivier Cédric VAUZELLE (thar ceann an chomhrapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	11.7.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
Dáta a glactha sa rannóg	15.4.2025
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	30.4.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	596
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/ staonadh)	152/0/2

1. Conclúidí agus moltaí

Ní mór don Aontas dul i ngleic go comhuaineach le dúshláin gheopholaitiúla ollmhóra i réimse an bheartais eachtraigh, slándála agus cosanta, amhail fogha na Rúise faoin Úcráin, ráitis agus gníomhaíochtaí rialtas nua na Stát Aontaithe i ndáil le trádáil, ECAT, uaillmhianta críochacha agus réimsí eile, chomh maith le coinbhleachtaí leanúnacha sa Mheánoirthear. San am céanna, ní mór don Aontas feabhas mór a chur ar tháirgiúlacht agus iomaíochas a gheilleagair agus, ag an am céanna, cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach agus comhtháthú sóisialta a neartú trí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá gá le tacaíocht láidir pholaitiúil agus shibhialta, rannpháirtíocht ghníomhach na sochaí sibhialta eagraithe, dea-rialachas, aontacht agus lánpháirtiú níos fearr, agus cosaint chomhsheasmhach ar luachanna daonlathacha agus ar chearta an duine, laistigh agus lasmuigh dár dteorainneacha araon. Creideann CESE nach mór leas a bhaint as na hacmhainní airgeadais is mó is féidir — idir phoiblí agus phríobháideach, náisiúnta agus Eorpach — chun cuspóirí dea-shainithe a bhaint amach i ngach ceann de na réimsí sin. Áirítear leis sin tosaíocht a thabhairt d'earraí poiblí Eorpacha agus na hionstraimí buiséadacha agus airgeadais uile atá ar fáil a neartú, nó cinn nua a chruthú i gcás inar gá.

1.1. *Bearta athchóirithe agus infheistíochta sna Ballstáit, go háirithe na bearta sin a bhunaítear ar mholtaí tírshonracha 2024*

Seo seasamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)

1.1.1. Aithníonn CESE gurb éagsúil ábharthacht na moltaí tírshonracha maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin náisiúnta sna Ballstáit ó thír go tír, agus iarrann sé ar an gCoimisiún Eorpach moltaí níos saincheaptha a chur le chéile maidir le beartais fhónta fhioscacha ar mhaithe le cobhsaíocht airgeadais, fás agus iomaíochas inbhuanaithe fadtéarmach, caiteachas poiblí ar sheirbhísí poiblí ríthábhachtacha ar mhaithe le cách agus ar bheartais shóisialta ríthábhachtacha, chomh maith leis an aistriú digiteach agus an t-aistriú glas. Iarrann CESE freisin ar na rialtais na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe atá beartaithe a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí.

1.1.2. Iarrann CESE ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur leis an gcumarsáid chórasach agus leis an múscailt feasachta maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) sna moltaí tírshonracha nuair a dhéanfar gníomhaíochtaí agus bearta nithiúla de thograí infheistíochta agus athchóirithe.

1.1.3. Iarrann CESE an athuair go ndéanfaí an próiseas comhairliúcháin struchtúrtha a chur ar bun ar an leibhéal Eorpach, le nósanna imeachta comhairliúcháin foirmiúla atá níos comhchuibhithe agus níos trédhearcaí.

1.1.4. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur cheart don Choimisiún leanúint dá idirphlé struchtúrach leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna). Chuige sin, ba cheart dó a chur de cheangal ar na Ballstáit achoimre a chur ar fáil ar na comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí.

1.1.5. Iarrann CESE go gcuirfí prionsabal na comhpháirtíochta athchóirithe san áireamh sa Seimeastar Eorpach ([1]).

1.2. ***Pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha agus creat nua rialachais eacnamaíoch an Aontais***

1.2.1. Iarrann CESE ar an gCoimisiún treoir shoiléir chomhchuibhithe a fhorbairt i rialachán de chuid an Aontais do na Ballstáit maidir leis an gcaoi le geallsealbhóirí a tharraingt isteach san obair ar bhealach éigeantach, córasach, struchtúrach agus fóinteach. D'fhágfadh an treoir sin go bhféadfaí próiseas foirmiúil comhairliúcháin a rialáil ina dhiaidh sin ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart don Choimisiún critéir a dhéanamh de cháilíocht rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí chun an plean náisiúnta a fhormheas.

1.2.2. Ba cheart tuilleadh measúnaithe a dhéanamh ar mhodh meastóireachta an Choimisiúin Eorpaigh ar phleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha na mBallstát, go háirithe maidir le comhlíonadh na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe nua is gá nuair a éilíonn na Ballstáit síneadh a chur leis an tréimhse coigeartaithe ó 4 bliana go 7 mbliana.

1.3. ***Cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí dá bhforáiltear sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta***

Seo seasamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)

1.3.1. Measann CESE go bhfuil ról lárnach ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) faoi láthair maidir le tacú le hinfheistíocht agus le hathchóirithe. Mar sin féin, ní mór roinnt saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme na Saoráide a réiteach fós sula dtiocfaidh deireadh leis an ionstraim.

1.3.2. Iarrann CESE go bhfeabhsófaí comhordú, pleanáil agus leithdháileadh acmhainní chun moilleanna a shárú, agus go ndéanfaí próisis a chuíchóiriú. Iarrann an Coiste freisin ar na Ballstáit rochtain ar oiliúint a chur ar fáil d'fhoireann riaracháin agus d'fhothú acmhainneachta chun feabhas a chur ar bhainistiú tionscadal agus ar phróisis riaracháin. Ina theannta sin, tá béim leagtha ag CESE ([2]) cheana féin ar an ngá atá le faisnéis níos fearr, níos tráthúla agus níos comhsheasmhaí maidir leis an dul chun cinn atá déanta ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.

([1]) Tacaíocht Chiste Sóisialta na hEorpa do na comhpháirtithe sóisialta sa tréimhse 2007-2013, Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159), Tústuairim CESE: Cur leis an mbéim ar thorthaí sa bheartas comhtháthaithe tar éis 2027 a neartú — dúshláin, rioscaí agus deiseanna (IO C, C/2025/2018, 30.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2018/oj) maille le tuarascáil mheastóireachta Meastóireacht mheántéarma ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta maidir leis an gcód iompair agus plé leis na geallsealbhóirí ag comhdháil CEMR agus foilsiú an doiciméid Cinneadh ar an leibhéal is airde — Iarmhairtí áitiúla: Cur síos ar an Seimeastar Eorpach 2 Nollaig 2024.

([2]) Tuarascáil mheastóireachta CESE *Athbhreithniú meántéarma ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta*.

1.3.3. Áitíonn CESE go bhfuil gá le trédhearcacht maidir le faighteoirí deiridh na gcistí agus iarrann sé ar an gCoimisiún agus ar na rialtais náisiúnta nósanna imeachta a shimpliú, maorlathas a laghdú agus tacaíocht a chur ar fáil chun a áirithiú go gcuirfear na pleananna i gcrích ar bhealach éifeachtach tráthúil ([3]).

1.3.4. Iarrann CESE go n-áireofaí sa chéad tuarascáil bhliantúil eile maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta anailís théamach ar rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, ESSanna, na bparlaimintí náisiúnta agus na n-údarás áitiúil agus réigiúnach ([4]).

1.3.5. Iarrann CESE go gcuirfí síneadh leis an spriocdháta chun cistí STA a chaitheamh, go dtí an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile in 2028 ar a laghad, más léir go gcaillfí cistí murach sin ([5]).

1.3.6. Cuireann CESE i dtreis gur gá sainmhíniú na ngarspriocanna agus na spriocanna a shoiléiriú agus iontaofacht na faisnéise a chuireann na Ballstáit ar fáil a ráthú ([6]). Leagann an Coiste béim ar an ngá atá le díriú níos mó ar dhearadh tionscadal trasteorann.

1.4. *Riachtanais infheistíochta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo*

1.4.1. Measann CESE, má táthar chun borradh a chur faoi chumas maoinithe an Aontais, mar a mholtar i dtuarascáil Draghi, gur ghá cur go mór leis an spás fioscach atá ann i ngach Ballstát faoi láthair, agus le méid agus struchtúr an leagain reatha de CAI chomh maith. Athdhearbhaíonn CESE gur gá Ciste Infheistíochta Straitéisí a chruthú ([7]) atá coibhéiseach ó thaobh méide de leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tús áite á thabhairt do mhaoiniú earraí coiteanna Eorpacha agus infheistíochtaí náisiúnta i gcomhréir le príomhthosaíochtaí beartais Eorpacha. An tionscnamh InvestAI a cruthaíodh le déanaí agus an Ciste Iomaíochais atá ar na bacáin, atá mar chuid de CAI níos láidre agus níos comhsheasmhaí, is léiriú iad ar an dul chun cinn atá á dhéanamh sa réimse sin. San am céanna, cuireann CESE i bhfios go láidir gur gá slógadh ollmhór coigiltis phríobháidigh a mhéadú go tapa trí Aontas na Margaí Caipitil (a athainmníodh le déanaí ina 'Aontas Coigiltis agus Infheistíochta') a thabhairt chun críche agus trí acmhainneacht airgeadais BEI a mhéadú.

1.5. *Seimeastar Eorpach athbhreithnithe agus níos láidre*

1.5.1. Is ionstraim láidir sheanbhunaithe anois é an Seimeastar Eorpach do rialachas eacnamaíoch agus do chomhordú eacnamaíoch an Aontais leis na Ballstáit, agus tá sé á fhorbairt a thuilleadh. Tá comharthaí eile ann go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh sa réimse sin, ina measc sin teacht i bhfeidhm chreat rialachais eacnamaíoch athbhreithnithe an Aontais, na naisc a fógraíodh cheana idir an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais agus an Seimeastar, an togra tosaigh maidir leis na naisc a d'fhéadfaí a dhéanamh leis an Seimeastar i réimse an chaiteachais a dhéanfar amach anseo ar an gcéad leagan eile de CAI, agus ar a laghad cuid den Chiste Comhtháthaithe a bheidh ann amach anseo. Ach oiread le Straitéis Bhliantúil um Fhás Inbhuanaithe 2025 a cuireadh ar ceal i mí na Nollag 2024, léiríonn an méid sin uile gur gá uasghrádú críochnúil a dhéanamh ar an bpróiseas sin.

1.5.2. Iarrann CESE ar an gCoimisiún athbhreithniú práinneach a dhéanamh ar struchtúr agus ar uainiú an tSeimeastair, d'fhonn idirnaisc a áirithiú amach anseo leis an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais, ar mhaithe leis an trédhearcacht agus chun a chur ar chumas na ngníomhaithe uile lena mbaineann (institiúidí an Aontais, rialtais náisiúnta, parlaimintí, údaráis áitiúla, comhpháirtithe sóisialta agus ESSanna) a bheith réidh chun a ról faoi seach i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh a chomhlíonadh go hiomlán.

([3]) An Chúirt Iniúchóirí — Urscaoileadh 2023 maidir leis an gCoimisiún: Éisteacht leis na Coimisinéirí Valdis Dombrovskis agus Paolo Gentiloni maidir le STA (an Coiste um Rialú Buiséadach — Parlaimint na hEorpa — 12 Samhain 2024)[1] Parlaimint na hEorpa — The 100 largest recipients of Recovery and Resilience Facility.

([4]) I gcomhréir le tuairim ECON-VII/037 ó Choiste Eorpach na Réigiún *Athbhreithniú meántéarma ar phlean téarnaimh an Aontais tar éis COVID-19 (an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta)* (a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2024) (IO C, C/2024/7057, 4.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/7057/oj).

([5]) I gcomhréir le tuairim ECON-VII/037 ó Choiste Eorpach na Réigiún *Athbhreithniú meántéarma ar phlean téarnaimh an Aontais tar éis COVID-19 (an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta)* (a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2024) (IO C, C/2024/7057, 4.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/7057/oj).

([6]) An Chúirt Iniúchóirí — Urscaoileadh 2023 maidir leis an gCoimisiún: Éisteacht leis na Coimisinéirí Valdis Dombrovskis agus Paolo Gentiloni maidir le STA (an Coiste um Rialú Buiséadach — Parlaimint na hEorpa — 12 Samhain 2024)[1] Parlaimint na hEorpa — The 100 largest recipients of Recovery and Resilience Facility.

([7]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Ciste infheistíochta AE le haghaidh athléimneacht eacnamaíoch agus iomaíochas inbhuanaithe (tuairim féintionscnaimh) (IOC, C/2024/6862, 28.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6862/oj).

1.5.3. Molann CESE don Choimisiún Eorpach, mar chuid den Seimeastar Eorpach, táscairí a bhaineann go dlúth le cur chuige gheilleagar na dea-bhaile a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar staid gach Ballstáit, d'fhonn léargas níos cuimsithí a thabhairt.

2. **Réamhrá**

2.1.1. Is cuid de phacáiste í an tuairim féintionscnaimh seo, lena ngabhann tuarascáil faisnéise chomh maith, agus leanann sí ó obair Ghrúpa CESE um an Seimeastar Eorpach (GSE): dul i gcomhairle le comhairlí eacnamaíocha agus sóisialta náisiúnta, le comhpháirtithe sóisialta agus le ESSanna ó Bhallstáit an Aontais maidir le príomhábhair an tSeimeastair Eorpaigh. Comhlánaíonn an tuairim seo an tuarascáil faisnéise, ina mbailítear tuairimí na gcomhpháirtithe sóisialta agus ESSanna sna Ballstáit maidir leis na tograí náisiúnta um athchóiriú agus um infheistíocht agus a gcur chun feidhme (timthriall an tSeimeastair Eorpaigh 2024-2025) trí mholtaí beartais, conclúidí agus tograí beartais CESE a chur san áireamh bunaithe ar thorthaí an chomhairliúcháin leis na geallsealbhóirí a leagtar amach sa tuarascáil.

2.1.2. A bhuí leis an gcleachtadh sin, tá CESE ag leanúint dá chuid oibre maidir le Seimeastar Eorpach agus creat rialachais eacnamaíoch níos rannpháirtí a chur chun cinn, a mbeidh úinéireacht níos mó ar an leibhéal náisiúnta ag gabháil leis mar aon le rannpháirtíocht níos dlúithe ó thaobh na sochaí sibhialta eagraithe de. De thoradh rannpháirtíocht leathan, bíonn bonn láidir faoin gcinnteoireacht fhianaisebhunaithe agus faoin dlisteanacht dhaonlathach agus cuirtear le tacaíocht an phobail do bheartais chlaochlaitheacha agus d'athrú sistéamach.

3. **Cúlra**

3.1.1. Dírítear sa tuairim féintionscnaimh seo ar an gcéad dul síos ar athchóirithe agus ar bhearta infheistíochta na mBallstát, go háirithe iad siúd atá bunaithe ar mholtaí tírshonracha 2024 agus ar a gcur chun feidhme. Mar chuid de Phacáiste Earraigh Sheimeastar Eorpach 2024, rinne an Coimisiún dréachtmholtaí tírshonracha 2024 a mholadh i mí an Mheithimh. Ghlac an Chomhairle leis na moltaí sin i mí Iúil 2024, tar éis mionathruithe a dhéanamh orthu. Cuimsítear sna moltaí tírshonracha sin: (i) moladh maidir le beartas fioscach (moladh tírshonrach 1); (ii) moladh maidir le cur chun feidhme STA agus na gclár beartais comhtháthaithe ([8]) (moladh tírshonrach 2); (iii) moladh tírshonrach 3 agus moladh tírshonrach 4, lena gcumhdaítear tuilleadh tosaíochtaí beartais atá fós gan réiteach nó sainiúlachtaí na mBallstát. Cumhdaítear le thart ar dhá thrian de na moltaí a eisíodh faoi mholadh tírshonrach 3 agus moladh tírshonrach 4 beartais chun na margaí saothair a neartú trí mheán an oideachais agus trí infheistiú i scileanna, chun an t-aistriú glas agus beartais eile a bhaineann le fuinneamh a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna iomaíochais atá fós gan réiteach. Ar an dara dul síos, dírítear sa tuairim féintionscnaimh seo ar na pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha, arb iad croílár an chreata nua rialachais eacnamaíoch iad ([9]). Déanann na Ballstáit a spriocanna fioscacha, a n-athchóirithe tosaíochta agus a n-infheistíochtaí ([10]) a leagan amach sna pleananna sin, mar aon le bearta chun aghaidh a thabhairt ar aon mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann le linn tréimhse coigeartaithe fioscach.

3.1.2. I ndáil leis an méid sin, iarrann CESE go mbeadh nósanna imeachta buana agus struchtúrtha ann chun dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta agus le ESSanna agus na pleananna náisiúnta á bhforbairt ([11]). Thairis sin, le hAirteagal 11 den Rialachán maidir leis an gcreat nua rialachais eacnamaíoch ([12]), spreagtar na Ballstáit chun dul i gcomhairle le comhpháirtithe sóisialta, le húdaráis réigiúnacha, le ESSanna agus le geallsealbhóirí náisiúnta ábhartha eile agus na pleananna á leagan amach acu, i gcomhréir leis na creataí dlíthiúla náisiúnta. I gcás Thimthriall Sheimeastar Eorpach 2025, i bhfianaise na tréimhse giorra chun an chéad sraith de phleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a ullmhú, d'fhéadfadh na Ballstáit — bíodh is nach bhfuil sin d'oibleagáid orthu — comhairliúcháin den sórt sin a dhéanamh. Beidh orthu dul i gcomhairle le geallsealbhóirí náisiúnta chun na pleananna uile a bheidh ann amach anseo a fhorbairt, cé nár bunaíodh aon chritéir cháilíochta le haghaidh comhairliúchán. Ar deireadh, ar an tríú dul síos, déantar grinnscrúdú sa tuairim féintionscnaimh seo ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí dá bhforáiltear sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ([13]).

([8]) InfoRegio — *New Cohesion Policy* [Beartas Comhtháthaithe Nua].

([9]) Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach — Seimeastar Eorpach 2025: An creat nua rialachais eacnamaíoch a chur ina bheatha (26 Samhain 2024).

([10]) Athchóirithe agus infheistíochtaí lena dtugtar aghaidh ar na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus tosaíochtaí coiteanna an Aontais araon.

([11]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (COM(2023) 240 final — 2023/0138 (COD)), ar Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (COM(2023) 241 final — 2023/0137 (CNS)), ar Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais ar chreataí buiséadacha na mBallstát (COM(2023) 242 final — 2023/0136 (NLE)) (IO C, C/2023/880, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/880/oj).

([12]) Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

([13]) *Recovery and Resilience Facility* — An Coimisiún Eorpach.

4. **Barúlacha ginearálta**

4.1. ***Bearta athchóirithe agus infheistíochta sna Ballstáit, go háirithe na bearta sin atá bunaithe ar mholtaí tírshonracha 2024, agus ar chur chun feidhme na mbeart sin***

4.1.1. Is éagsúil ábharthacht na moltaí tírshonracha sna Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin náisiúnta ó Bhallstát go chéile, agus iarrann CESE ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar mholtaí saincheaptha a bhaineann le beartais fhónta bhuiséadacha maidir le cobhsaíocht airgeadais agus fás fadtéarmach, caiteachas poiblí, inbhuanaitheacht na seirbhísí poiblí agus na seirbhísí leasa ghinearálta, comhordú institiúideach níos fearr, feabhas a chur ar bheartais shóisialta (go háirithe i réimsí amhail cúram sláinte, forbairt scileanna, neamhionannais agus cuimsiú), chomh maith leis an aistriú digiteach agus an t-aistriú glas (go háirithe trí chuspóirí comhshaoil a chomhtháthú i mbeartais phoiblí). Ba cheart béim a leagan freisin ar chánachas chun tacú leis na hathchóirithe agus leis na haistrithe sin. Iarrann CESE go dtabharfaí tús áite do na dúshláin eacnamaíocha atá ann faoi láthair amhail tithíocht, cosaint shóisialta, an costas maireachtála agus costais fuinnimh, chomh maith le saincheisteanna struchtúracha a bhaineann an bonn d'iomaíochas an Aontais, amhail rialáil iomarcach agus nósanna imeachta fada ceadaithe. Iarrann CESE freisin ar na rialtais náisiúnta na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe a mholtar sna moltaí tírshonracha sin a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí agus níos córasaí trí bhíthin pleanáil straitéiseach fhadtéarmach.

4.1.2. Tugann CESE faoi deara go bhfuil difríochtaí idir na Ballstáit maidir leis an gcaoi a gcomhtháthaítear SFInna sna moltaí tírshonracha, agus iarrann sé ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cumarsáid chórasach agus múscailt feasachta a mhéadú maidir leis na cuspóirí sin nuair a dhéantar gníomhaíochtaí agus bearta nithiúla de thograí infheistíochta agus athchóirithe. Chruthódh an tuiscint mhéadaithe phoiblí sin ar SFInna deiseanna suntasacha chun cur chuige iomlánaíoch i leith na forbartha inbhuanaithe a áirithiú. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur gá an Seimeastar Eorpach a athchóiriú chun go mbeadh treoir ní b'fhearr ann i dtaca le cur chun feidhme spriocanna agus chuspóirí an Aontais agus chun tacú ní ba mhó leis sin. Is é sin spriocanna agus cuspóirí a leagtar síos, mar shampla, sa Chomhaontú Glas don Eoraip, i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta agus i gComhshocrú na Náisiún Aontaithe don Todhchaí a glacadh i mí Mheán Fómhair 2024 ([14]). Bealach a bheadh ann freisin chun borradh a chur faoi leibhéal íseal iomaíochais an Aontais faoi láthair. Aontaíonn CESE go bhféadfaí a mheas, i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, ach cuspóirí cuimsitheacha agus spriocanna soiléire uaillmhianacha a bheith ann chun SFInna a chur chun feidhme, cé acu atá na beartais agus na hinfheistíochtaí atá ann cheana éifeachtach nó nach bhfuil agus cé acu atá dul chun cinn sa treo ceart mar thoradh orthu nó atá gá le tuilleadh athchóirithe agus infheistíochtaí a d'fhéadfaí a mholadh ansin mar chuid den phróiseas ([15]). Dá bhrí sin, creideann CESE freisin gur gá athmhachnamh a dhéanamh ar an gcur chuige reatha maidir le hanailís ar bhearnaí a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an Seimeastar Eorpach.

4.1.3. Is é is aidhm fhoriomlán don chomhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta agus le ESSanna cinntí a dhéanamh maidir le treo an bheartais shóisialta agus eacnamaíoch sna blianta amach romhainn. Go ginearálta, is iad na hábhair a phléitear faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh na hábhair is ábhartha don tsochaí shibhialta eagraithe. Ar thaobh amháin, is féidir le geallsealbhóirí náisiúnta a gcuid saineolais a chur ar fáil agus, ar an taobh eile, is féidir leo bearta tábhachtacha a mholadh freisin. Faoi láthair, cé go bhfuil go leor sásraí rannpháirtíochta ann, ní ghabhann idirphlé leo i ndáiríre agus is minic a theipeann orthu obair leantach a dhéanamh ar na saincheisteanna a ardaíodh, rud a chruthaíonn frustrachas. Iarrann CESE an athuair go ndéanfaí reachtaíocht a rith maidir le próiseas comhairliúcháin struchtúrtha ar an leibhéal Eorpach, le nósanna imeachta comhairliúcháin foirmiúla atá níos comhchuibhithe agus níos trédhearcaí. Is é is aidhm don nós imeachta sin a áirithiú go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta agus ESSanna rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta ar bhealach atá córasach, níos tapúla, níos substaintiúla agus níos éifeachtaí. Ba cheart a áirithiú leis an nós imeachta sin freisin go rachfaí i gcomhairle le geallsealbhóirí maidir leis an gcaoi ar úsáideadh a n-ionchur agus maidir leis an bhfáth ar glacadh cinntí.

4.1.4. Ag an am céanna, ba cheart don Choimisiún leanúint dá idirphlé struchtúrach leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta agus le ESSanna. Ba cheart don Choimisiún a cheangal ar na Ballstáit achoimre mhionsonraithe a sholáthar ar na comhairliúcháin le geallsealbhóirí. Ar deireadh, iarrann CESE go gcuirfí prionsabal na comhpháirtíochta athchóirithe san áireamh sa Seimeastar Eorpach ([16]).

([14]) https://www.un.org/en/summit-of-the-future/pact-for-the-future.

([15]) *A European Agenda To Navigate Uncertain Times — How to steer the EU towards wellbeing for all now and in the future* — MERGE (mergeproject.eu).

([16]) Tacaíocht Chiste Sóisialta na hEorpa do na comhpháirtithe sóisialta sa tréimhse 2007-2013, Rialachán 2021/1060, Tústuairim CESE: Cur leis an mbéim ar thorthaí sa bheartas comhtháthaithe tar éis 2027 a neartú — dúshláin, rioscaí agus deiseanna (IO C, C/2025/2018, 30.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2018/oj) maille le tuarascáil mheastóireachta Meastóireacht mheántéarma ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta maidir leis an gcód iompair agus plé leis na geallsealbhóirí ag comhdháil CEMR agus foilsiú an doiciméid Cinneadh ar an leibhéal is airde — Iarmhairtí áitiúla: Cur síos ar an Seimeastar Eorpach 2 Nollaig 2024.

4.2. ***Pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha agus creat nua rialachais eacnamaíoch an Aontais***

4.2.1. Maidir le hábhar na bpleananna atá ann faoi láthair, tá amhras fós ann ar an iomlán an leor na bearta atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair na mBallstát, amhail an dá aistriú, an nuálaíocht agus an t-iomaíochas inbhuanaithe, chomh maith leis na dúshláin struchtúracha agus gheopholaitiúla ó thaobh na nithe seo a leanas: slándáil agus cosaint; an neamhspleáchas straitéiseach; cúrsaí déimeagrafaice, cúrsaí fuinnimh, an bonneagar, an chosaint shóisialta, an comhtháthú sóisialta agus seirbhísí cúraim. Ina theannta sin, ba cheart, dar le CESE, go bhféadfaí athruithe a thabhairt isteach ar chuid d'ábhar na bpleananna struchtúracha fioscacha náisiúnta mar thoradh ar an tionchar a bheidh ag príomhchonclúidí thuarascálacha Letta ([17]) agus Draghi ar chlár oibre nua an Choimisiúin, ar choinníoll go n-urramaítear na paraiméadair mhaicreacnamaíocha lena ráthaítear inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

4.2.2. In ainneoin an ghlao go mbeadh ról ráthaithe ag ionadaithe ón tsochaí shibhialta eagraithe i ndearadh agus i gcur chun feidhme na mbeartas eacnamaíoch, fostaíochta agus sóisialta atá le cur san áireamh sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha ([18]), thug CESE faoi deara nár tugadh rochtain do gheallsealbhóirí i roinnt mhaith Ballstát ar ábhar an phlean náisiúnta sular cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin é nó sular sheol an Coimisiún a mheasúnú ar na pleananna sin. Is mar sin don scéal d'ainneoin go gcuireann na pleananna bonn ceart faoi bheartais eacnamaíocha agus fhioscacha na mBallstát. Leagtar amach leo freisin athchóirithe agus infheistíochtaí tosaíochta do na chéad cheithre go seacht mbliana eile. Is féidir le geallsealbhóirí náisiúnta a gcuid saineolais a chur ar fáil agus is féidir leo bearta iomchuí a mholadh freisin a léiríonn an staid mar atá ar an láthair. Is measa fós don scéal mar, mura rud é go mbíonn deis ag na gníomhaithe polaitiúla agus sóisialta páirt a ghlacadh i ndréachtú na ngealltanas trí bhíthin próisis chomhairliúcháin fhoirmiúla, ní féidir a chinntiú go nglacfar úinéireacht ar na gealltanais sin ar an leibhéal náisiúnta. Tá an úinéireacht ar cheann de na tosca is tábhachtaí chun cur chun feidhme na ngealltanas a áirithiú. Ba cheart é sin a áirithiú freisin i gcás ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe ginearálta.

4.2.3. Dá bhrí sin, iarrann na geallsealbhóirí céanna agus CESE an athuair ar an gCoimisiún rialachán de chuid an Aontais a tharraingt suas maidir le conas na comhpháirtithe sóisialta agus ESSanna a thabhairt isteach i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh agus i gcreat rialachais eacnamaíoch an Aontais. Shaineofaí leis an rialachán sin bunphrionsabail agus buntréithe an phróisis rannpháirtíochta ar cheart iad a urramú i nósanna imeachta na mBallstát ([19]).

4.3. ***Cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí dá bhforáiltear sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta***

4.3.1. Maidir le cé acu a bheidh nó nach mbeidh na rialtais náisiúnta in ann cistí STA a ionsú faoin 31 Lúnasa 2026, tá go leor geallsealbhóirí ann nach bhfuil cinnte go mbeidh siad in ann é sin a dhéanamh go hiomlán nó i gceart. Tá baol ann go n-úsáidfear na cistí comhfhreagracha go neamhéifeachtúil, chun dochair do cháilíocht agus d'éifeachtacht na dtionscadal agus na n-oibríochtaí a dhéantar le tacaíocht STA. Tá baol ann go gcaillfear cistí suntasacha mura gcuirfidh rialtais dlús le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí dá bhforáiltear sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le cistí a ionsú agus pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, is práinneach fós dlús a chur leis sin. I measc na bpríomhchúiseanna atá leis sin, tá acmhainneacht riaracháin neamhleor ar an leibhéal náisiúnta, neamhéifeachtúlacht, saincheisteanna trédhearcachta, fadhbanna rialachais agus easpa pleanála agus acmhainní leordhóthanacha i gcur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta. Sainaithníodh cúiseanna eile le moilleanna ar chur chun feidhme freisin, amhail easpa tionscnaimh ón earnáil phríobháideach, spriocdhátaí neamhréadúla agus comhordú ilroinnte idir gníomhaireachtaí rialtais, neamhábaltacht tionscadal beag cistí leordhóthanacha a thiomsú, easpa acmhainní agus spriocdhátaí dochta a chruthaíonn moilleanna mar gheall ar nósanna imeachta maorlathacha, ullmhú neamhleor athchóirithe, easpa comhairliúcháin le geallsealbhóirí a fhágann nach n-ullmhaítear athchóirithe go leormhaith, gan aon amchlár a bheith ann chun tionscadail a chur chun feidhme, chomh maith le moilleanna mar gheall ar ullmhú fada tograí reachtacha agus nósanna imeachta soláthair.

([17]) Enrico Letta — *Much more than a market* (Aibreán 2024).

([18]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (COM(2023) 240 final — 2023/0138 (COD)), ar Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (COM(2023) 241 final — 2023/0137 (CNS)), ar Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais ar chreataí buiséadacha na mBallstát (COM(2023) 242 final — 2023/0136 (NLE)) (IO C, C/2023/880, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/880/oj).

([19]) Tuairim ó CESE *Tograí um athchóiriú agus um infheistíocht agus a gcur chun feidhme sna Ballstáit — cad é barúil na sochaí sibhialta eagraithe faoin scéal?*Timthriall an tSeimeastair Eorpaigh 2023-2024) (IO C, C/2024/4054, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4054/oj), *Moltaí CESE maidir le hathchóiriú láidir ar an Seimeastar* (IO C 228, 29.6.2023, lch. 1) agus *Rialacha nua maidir le rialachas eacnamaíoch atá oiriúnach don todhchaí* (IO C, C/2023/880, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/880/oj).

4.3.2. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go rachfaí i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha uile agus go n-éistfí leo, sin agus go gcuirfí faisnéis iomlán phoiblí agus cumarsáid leordhóthanach ar fáil. Iarrann CESE go gcuirfí feabhas ar chomhordú, ar phleanáil agus ar leithdháileadh acmhainní chun moilleanna a shárú, chun nósanna imeachta a chuíchóiriú lena n-áirítear doiciméadacht nach bhfuil gá léi a laghdú agus chun réitigh dhigiteacha a ghlacadh. Iarrann an Coiste freisin ar na Ballstáit rochtain ar oiliúint a chur ar fáil d'fhoireann riaracháin agus d'fhothú acmhainneachta chun feabhas a chur ar bhainistiú tionscadal agus ar phróisis riaracháin. Ina theannta sin, tá béim leagtha ag CESE ([20]) cheana féin ar an ngá atá ann le faisnéis níos fearr, níos tráthúla agus níos comhsheasmhaí maidir leis an dul chun cinn atá déanta ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.

4.3.3. Áitíonn CESE go bhfuil gá le trédhearcacht maidir le faighteoirí deiridh na gcistí agus d'iarr sé ar an gCoimisiún agus ar na rialtais náisiúnta nósanna imeachta a shimpliú, maorlathas a laghdú agus tacaíocht a chur ar fáil chun a áirithiú go gcuirfear pleananna i gcrích ar bhealach éifeachtach tráthúil. Iarrann sé go mbeadh níos mó trédhearcachta ann amach anseo maidir leis na faighteoirí deiridh ([21]). Maidir leis na faighteoirí is mó, tá os cionn 100 díobh foilsithe ag na Ballstáit agus, i gcásanna áirithe, is ón earnáil phoiblí a thagann na 10 bhfaighteoir is mó ([22]). Dá mbeadh níos mó trédhearcachta ann, bheifí in ann liosta iomlán a fháil díobh siúd a fhaigheann cistí an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Ba cheart don Choimisiún an sainmhíniú a athrú, rud nach bhfuil sa rialachán, ach sna treoirlínte ([23]). Ní mór sreabhadh chistí STA a bheith trédhearcach agus inrianaithe chun a chinntiú go n-úsáidtear na hacmhainní sin go héifeachtach. Ba cheart dúinn faisnéis a chomhchuibhiú nuair is airgead poiblí atá i gceist.

4.3.4. Iarrann CESE go n-áireofaí sa chéad tuarascáil bhliantúil eile maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta anailís théamach ar rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, na bparlaimintí náisiúnta agus na n-údarás áitiúil agus réigiúnach ([24]).

4.3.5. Iarrann an Coiste go gcuirfí síneadh leis an spriocdháta chun cistí STA a chaitheamh más léir go gcaillfí cistí murach sin ([25]). Tá gá le níos mó solúbthachta maidir leis an gcaoi a gcuirtear pleananna náisiúnta chun feidhme. Tá aga moille idir an chaibidlíocht maidir le CAI agus deireadh oifigiúil STA. Más féidir, ba cheart deireadh STA a ailíniú leis an leagan nua de CAI, rud a thabharfadh ní ba mhó ama do na Ballstáit na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe atá beartaithe a dhéanamh. Ina theannta sin, tá sé tugtha faoi deara ag CESE go bhfuil an tsochaí shibhialta eagraithe i bhfabhar cur chuige feidhmíochtbhunaithe na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid le haghaidh CAI i roinnt Ballstát, agus go mbeadh an cur chuige sin ina réiteach inghlactha ar an easpa dul chun cinn atá déanta i dtreo ár spriocanna coiteanna. Ba cheart, áfach, ráthaíocht solúbthachta a bheith ag gabháil leis sin maidir leis an gcaoi a gcuirtear chun feidhme é agus ba cheart rialacha ceangailteacha a bheith ag gabháil leis freisin ar mhaithe lena áirithiú go gcloífeadh na Ballstáit leis na rialacha. An aidhm a bheadh ag an méid sin go mbeadh an cur chuige tarraingteach agus in-fhorfheidhmithe san am céanna. I gcás ar bith, molann CESE lárú nach bhfuil gá leis agus ualaí breise ar na cláir uile a sheachaint. Seachas sin, ba cheart leanúint den mhodheolaíocht shonrach ba chúis le rath a chur ar phríomhchláir an Aontais (amhail cláir an bheartais comhtháthaithe) agus cloí le prionsabal na comhpháirtíochta chun a chinntiú go mbeadh na geallsealbhóirí ábhartha rannpháirteach go cuí.

4.3.6. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur gá sainmhíniú na ngarspriocanna agus na spriocanna a shoiléiriú, na huirlisí meastóireachta agus na méadrachtaí meastóireachta a shainiú ar bhealach níos fearr, agus iontaofacht na faisnéise a chuireann na Ballstáit ar fáil a ráthú ([26]). Cuireann an Coiste i bhfios go láidir gur gá dúinn díriú níos mó freisin ar dhearadh tionscadal trasteorann.

4.3.7. Ar deireadh, áitíonn sé nach mór STA a bheith rathúil. Cuireann an tsochaí shibhialta eagraithe chun suntais roinnt ceachtanna a foghlaimíodh ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm maidir le hionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais. Baineann na ceachtanna sin le hábhair éagsúla amhail rómhaorlathas agus nósanna imeachta cuíchóirithe, rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta náisiúnta agus ESSanna, an tsolúbthacht a cheadaítear ó thaobh chur chun feidhme na hionstraime de, an gá atá le comhordú níos fearr, chomh maith le pleanáil agus faireachán i dtaca le hionstraim den sórt sin.

([20]) Tuarascáil mheastóireachta CESE *Athbhreithniú meántéarma ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta*.

([21]) An Chúirt Iniúchóirí — Urscaoileadh 2023 maidir leis an gCoimisiún: Éisteacht leis na Coimisinéirí Valdis Dombrovskis agus Paolo Gentiloni maidir le STA (an Coiste um Rialú Buiséadach — Parlaimint na hEorpa — 12 Samhain 2024)[1] Parlaimint na hEorpa — The 100 largest recipients of Recovery and Resilience Facility.

([22]) Parlaimint na hEorpa — *The 100 largest recipients of Recovery and Resilience Facility funds*.

([23]) An Chúirt Iniúchóirí — Tuarascáil speisialta 13/2024 (Meán Fómhair 2024): '**Moladh 1 — A chinntiú go ndéantar an sainmhíniú ar "fhaighteoir deiridh" a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.** Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil tuiscint chomhchoiteann ann ar cad atá i gceist le "faighteoir deiridh" agus go ndéantar é sin a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.'

([24]) I gcomhréir le tuairim ECON-VII/037 ó Choiste Eorpach na Réigiún *Athbhreithniú meántéarma ar phlean téarnaimh an Aontais tar éis COVID-19 (an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta)* (a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2024) (IO C, C/2024/7057, 4.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/7057/oj).

([25]) I gcomhréir le tuairim ECON-VII/037 ó Choiste Eorpach na Réigiún *Athbhreithniú meántéarma ar phlean téarnaimh an Aontais tar éis COVID-19 (an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta)* (a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2024) (IO C, C/2024/7057, 4.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/7057/oj).

([26]) An Chúirt Iniúchóirí — Urscaoileadh 2023 maidir leis an gCoimisiún: Éisteacht leis na Coimisinéirí Valdis Dombrovskis agus Paolo Gentiloni maidir le STA (an Coiste um Rialú Buiséadach — Parlaimint na hEorpa — 12 Samhain 2024)[1] Parlaimint na hEorpa — The 100 largest recipients of Recovery and Resilience Facility.

4.4. ***Riachtanais infheistíochta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo***

4.4.1. Aontaíonn CESE le hanailís agus conclúidí thuarascáil Draghi ([27]) maidir leis an gcaoi ar cheart don Aontas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin iomadúla atá ann faoi láthair ([28]) tríd an tearcinfheistíocht amach is amach atá á déanamh i ngeilleagar na hEorpa le blianta beaga anuas a chur ina ceart agus trí bhorradh a chur faoin iomaíochas inbhuanaithe. Is deacra é sin a bhaint amach, áfach, toisc go gcaithfidh go leor Ballstát a n-easnaimh phoiblí agus a leibhéil fiachais phoiblí a laghdú trí na pleananna struchtúracha fioscacha náisiúnta a leagtar amach i gcreat nua rialachais mhaicreacnamaíoch an Aontais. Tá dhá bhealach ann inar féidir a chinntiú go mbeidh na cuspóirí agus na beartais sin comhoiriúnach agus chun a áirithiú go ndéanfar iad a mhaoiniú go leordhóthanach. Ar an gcéad dul síos, ní mór dúinn infheistíochtaí náisiúnta a chomhordú ar bhealach níos fearr agus iad a threisiú le treoirlínte beartais Eorpacha. Chuige sin, ní mór an Seimeastar Eorpach a neartú agus feabhas a chur ar an gcaoi a bhfeidhmíonn sé. Ar an dara dul síos, ní mór dúinn borradh a chur faoi chumas maoinithe an Aontais, le hathstruchtúrú agus méaduithe suntasacha sa chéad leagan eile de CAI a bheidh ann, agus breithniú á dhéanamh ag an am céanna ar Chiste Infheistíochta Straitéisí a chruthú, agus tosaíocht á tabhairt do mhaoiniú earraí coiteanna Eorpacha agus d'infheistíochtaí náisiúnta atá ag teacht leis na príomhthosaíochtaí polaitiúla Eorpacha. Ba cheart dúinn cumas maoinithe BEI a mhéadú freisin trí leagan feabhsaithe nua de chláir shonracha de chuid InvestEU (amhail an tionscnamh InvestAI agus an Ciste Eorpach Iomaíochais a fógraíodh) a thabhairt isteach.

4.4.2. Ar thaobh amháin, is gá leibhéil infheistíochta a mhéadú go mór agus, ar an taobh eile, is gá leibhéil fiachais a laghdú, agus sin uile gan dochar a dhéanamh do bheartais comhtháthaithe shóisialta, ós spriocanna iadsan a thagann salach ar a chéile. Ina fhianaise sin, is gá gníomhaíocht a dhéanamh maidir le hioncam cánach. Dar le CESE, ba cheart treoirlínte a áireamh i mbeartas eacnamaíoch na hEorpa chun cánachas leordhóthanach, cothrom agus níos comhordaithe a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais, rud a chuideodh leis an bhfás eacnamaíoch a chur chun cinn. D'fhéadfadh méadú inbhuanaithe ar ioncam poiblí a bheith mar thoradh ar an méid sin. Thairis sin amach, ba cheart na treoirlínte cánach sin a chur in oiriúint do gach Ballstát, agus struchtúr agus córas cánach a ngeilleagar á gcur san áireamh, chomh maith le dáileadh cothrom an ioncaim agus an rachmais a chur chun cinn.

4.4.3. Tugadh le fios i dtuarascáil Draghi nach ndéantar coigilteas an Aontais, atá 50 % níos airde ná mar atá sna Stáit Aontaithe, a dhíriú go leordhóthanach ar infheistíocht. Ní féidir an ghníomhaíocht is gá chun Aontas na Margaí Caipitil a chur i gcrích a chur ar an méar fhada a thuilleadh. Chuige sin, is gá na bacainní atá á chosc leis an oiread sin blianta a shárú. Ag an am céanna, ní mór don Aontas athbhreithniú agus oiriúnú a dhéanamh ar gach beartas lena spreagtar agus lena gcuirtear chun cinn aistriú caipitil i dtreo chuspóirí infheistíochta tosaíochta an Aontais.

4.4.4. Beidh athchóirithe agus infheistíocht náisiúnta chomhordaithe ina bpríomhchuid de Chompás Iomaíochais nua an Aontais freisin. D'fhógair an Coimisiún go gcruthófaí Uirlis nua um Chomhordú Iomaíochais a chuirfí i bhfeidhm in éineacht leis na bearta a dhéanfadh na Ballstáit chun comhthosaíochtaí iomaíochais a bhaint amach. Tugadh cur chuige isteach sa Seimeastar Eorpach agus faoi NextGenerationEU athchóirithe agus infheistíochtaí a chomhcheangal ar mhaithe le tosaíochtaí an Aontais a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Maidir leis an gcur chuige sin, deir an Coimisiún go bhfuil sé i gceist é a chomhlánú le gníomhaíochtaí comhordaithe trasteorann agus uile-Aontais trí bhíthin Uirlis um Chomhordú Iomaíochais. Beidh sé d'aidhm ag an uirlis sin beartais agus infheistíochtaí tionsclaíocha agus taighde a ailíniú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Feidhmeoidh an uirlis i dteannta le Seimeastar Eorpach cuíchóirithe a bheidh dírithe ar athchóirithe agus ar infheistíochtaí le haghaidh iomaíochais ar an leibhéal náisiúnta. Ina theannta sin, beidh Ciste nua um Iomaíochais ann faoin gcéad leagan eile de CAI chun tacú le cur chun feidhme na hUirlise um Chomhordú Iomaíochais. Iarrann CESE go ndéanfaí soiléiriú breise ar an gcaoi a nasctar na huirlisí sin le Seimeastar an Aontais, agus go seachnófaí aon rómhaorlathas breise nach bhfuil gá leis.

An Bhruiséil, an 30 Aibreán 2025.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([27]) *EU competitiveness: Looking ahead — European Commission* an Coimisiún Eorpach.

([28]) Na dúshláin a bhaineann le freagairt go comhuaineach don ghá atá le táirgiúlacht agus iomaíochas a ngeilleagar a mhéadú, mórdhúshláin gheopholaitiúla, coincheap na huathrialach straitéisí oscailte a chur i bhfeidhm i réimsí amhail an tslándáil agus an chosaint, beartais thionsclaíocha agus trádála, dul chun cinn a dhéanamh maidir le cuspóirí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a bhaint amach, comhtháthú sóisialta a neartú agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme.